C/2024/3412

29.5.2024

# Foilsiú iarratais ar fhormheas a dhéanamh ar leasú nach mion ar shonraíocht táirge maidir le hainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint in earnáil an fhíona de bhun Airteagal 97(3) i gcomhar le hAirteagal 105 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

(C/2024/3412)

Laistigh de 3 mhí ó dháta an fhoilsithe seo, féadfaidh údaráis Bhallstáit nó údaráis tríú tír nó duine nádúrtha nó dlítheanach ag a bhfuil leas dlisteanach agus atá bunaithe nó a bhfuil cónaí air nó uirthi i dtríú tír freasúra a thaisceadh leis an gCoimisiún, i gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]).

IARRAIDH AR LEASÚ AR AN tSONRAÍOCHT TÁIRGE

**'Vinho Verde'**

**PDO-PT-A1545-AM01**

**Dáta an iarratais: 15.3.2017**

## 1. Rialacha is infheidhme maidir leis an leasú

Airteagal 105 de Rialachán (AE) Uimh.°1308/2013 – Modhnú nach mion

## 2. Tuairisc ar an leasú agus cúiseanna atá leis

### 2.1. *Iarratasóir, idirghabhálaí agus páirtithe leasmhara*

Tuairisc: Tugadh mionsonraí an iarratasóra, an idirghabhálaí agus na bpáirtithe leasmhara cothrom le dáta.

Cúiseanna: Tá údar leis an leasú seo mar gheall ar an ngá atá leis na seoltaí a thabhairt cothrom le dáta agus an téacs a chur i gcomhréir leis an gcreat institiúideach nua le haghaidh earnáil an fhíona sa Phortaingéil, d'fhonn an tuairisc roimhe seo a dhéanamh níos soiléire.

Roinn/ranna dá ndéanann an leasú (nó na leasuithe) difear: Baineann an leasú seo leis an roinn 'Tuilleadh faisnéise' den tsonraíocht. Ní bhaineann an leasú seo leis an doiciméad aonair.

### 2.2. *Catagóir táirge - catagóir nua táirgí fíniúna a chur isteach*

Tuairisc: Cuireadh an chatagóir táirge 'fíon súilíneach' isteach agus an t-ainmniúchán 'Espumante de Vinho Verde' uirthi.

Cúiseanna: Is é an rún luach eacnamaíoch táirge atá sa réigiún cheana féin a fheabhsú, trí iarratas a dhéanamh ar aitheantas a thabhairt dó faoi ATFC.

Tá an cineál sin táirge, a bhfuil clú air mar gheall ar a cháilíocht agus a shuaithinseacht, á dhéanamh ag na táirgeoirí cheana i gcomhréir leis na cleachtais thraidisiúnta sa réigiún. Leis an gcinneadh an táirge nua seo a áireamh faoi ATFC 'Vinho Verde', leis an ainmniúchán 'Espumante de Vinho Verde', aithnítear a thábhacht agus a cháilíocht agus an luach a chuirtear leis le haghaidh táirgeoirí.

Meastar go bhfuil sé tábhachtach don réigiún.

Roinn/ranna dá ndéanann an leasú (nó na leasuithe) difear: Baineann an leasú seo leis na ranna 'Catagóir na dtáirgí fíniúna', 'Tuairisc ar fhíonta', 'Cleachtais fíonsaothrúcháin', 'Nasc leis an limistéar geografach' agus 'Coinníollacha breise' den doiciméad aonair agus na ranna 'Catagóir na dtáirgí fíniúna', 'Tuairisc ar fhíonta', 'Cleachtais fíonsaothrúcháin', 'Nasc leis an limistéar geografach' agus 'Coinníollacha breise' den tsonraíocht.

([1]) Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Aibreán 2024 maidir le tásca geografacha le haghaidh fíona, deochanna biotáilleacha agus táirgí talmhaíochta, chomh maith le sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta le haghaidh táirgí talmhaíochta, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013, (AE) 2019/787 agus (AE) 2019/1753 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 (IO L, 2024/1143, 23.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1143/oj).

2.3. *Tuairisc ar fhíonta*

Tuairisc: I gcás na gcatagóirí fíona, fíona shúilínigh agus fíona shúilínigh ar ardchaighdeán, cuireadh isteach tuairisc níos iomláine ar na tréithe orgánaileipteacha i gcomhréir leis na próifílí éagsúla.

Cúiseanna: Tá sé beartaithe leis an leasú seo go gcuirfear san áireamh an dul chun cinn atá déanta i dtéarmaí na dteicnící fíoneolaíocha agus roghanna agus cleachtais atá ann faoi láthair de chuid na saineolaithe san earnáil, chomh maith leis na hathruithe ar riachtanais na dtomhaltóirí.

Roinn/ranna dá ndéanann an leasú (nó na leasuithe) difear: Baineann an leasú seo leis an roinn 'Tuairisc ar fhíonta' den doiciméad aonair agus leis an roinn 'Tuairisc ar fhíonta' den tsonraíocht.

2.4. *Uastáirgeacht*

Tuairisc: Leasaíodh luachanna na huastáirgeachta in aghaidh an heicteáir a soláthraíodh le haghaidh na gcineálacha fíniúna roimhe sin. Is é 10 666 kg an bunluach le haghaidh na huastáirgeachta in aghaidh an heicteáir anois, mar a leanas:

— Féadfaidh an uastáirgeacht in aghaidh an heicteáir a bheith 13 500 kg i gcás fíniúnacha de chineál Alvarinho nó 15 000 kg i gcás fíniúnacha de chineálacha eile, fad a chomhlíontar na ceanglais táirgiúlachta agus cháilíochta;

— Is é 7 500 kg an uastáirgeacht in aghaidh an heicteáir i gcás fíniúnacha nach ndearnadh aon nuashonrú ar an gclár fíonsaothrúcháin ina leith le breis agus 10 mbliana.

Cúiseanna: Tá sé beartaithe leis na leasuithe sin na rialacha a oiriúnú do riachtanais agus do chleachtais na saineolaithe san earnáil. Níl aon athrú i dtéarmaí shaintréithe sainiúla fhíonta ATFC 'Vinho Verde' i gceist leo, ach cuidíonn siad chun na fíonta sin a bharrfheabhsú.

Roinn/ranna dá ndéanann an leasú (nó na leasuithe) difear: Baineann na leasuithe sin leis an roinn 'Cleachtais fíonsaothrúcháin - Uastáirgeacht' den doiciméad aonair agus leis an roinn 'Cleachtais fíonsaothrúcháin - Uastáirgeacht' den tsonraíocht.

2.5. *Cineálacha fíonchaor - ainmneacha agus comhchiallaigh*

Tuairisc: Nuashonraíodh príomhainm an chineáil ghil 'Godelho' chuig 'Gouveio'; mar an gcéanna leis an gcineál dearg 'Sousão', arb é 'Sezão' anois é. Cuireadh na comhchiallaigh seo a leanas isteach: 'Alvaraça' le haghaidh an chineáil ghil 'Batoca'; 'Terrantez' le haghaidh an chineáil ghil 'Folgasão'; 'Bord; Bual' le haghaidh an chineáil ghil 'Malvasia-Fina'; 'Ugni-Blanc; Trebbiano-Toscano' le haghaidh an chineáil ghil 'Tália'; 'Treixadura' le haghaidh an chineáil ghil 'Trajadura'; 'Piquepoul-Noir' le haghaidh an chineáil dheirg 'Pical'; 'Trincadeira-Preta' le haghaidh an chineáil dheirg 'Trincadeira'; agus 'Sousão' le haghaidh an chineáil dheirg 'Vinhão'.

Cuireadh an cineál dearg 'Aragonez' agus na comhchiallaigh 'Tinta-Roriz' agus 'Tempranillo' faoi seach agus an cineál dearg 'Tinta-Barroca' ar liosta na gcineálacha atá oiriúnach chun fíonta agus táirgí fíniúna a dhéanamh atá i dteideal ATFC 'Vinho Verde'. Cuireadh an cineál dearg 'Padeiro' ar liosta na gcineálacha atá oiriúnach do tháirgeadh fíonta agus táirgí fíniúna ar a bhfuil ainmniúchán fhoréigiún Lima 'fo-região do Lima'.

Cúiseanna: Na cineálacha fíonchaor agus na comhchiallaigh a shainmhínítear chun fíonta a tháirgeadh sa réigiún 'Vinho Verde', ní mór iad a thabhairt i gcomhréir le creat dlíthiúil nua an liosta náisiúnta de chineálacha fíonchaor atá oiriúnach do tháirgeadh fíona sa Phortaingéil, lena n-áirítear cineálacha nua a léiríodh a bheith suntasach chun saintréithe fhíonta an réigiúin a chinneadh.

Tá na cineálacha sin ar an léarscáil de chineálacha traidisiúnta le haghaidh an limistéir gheografaigh, mar sin ní hionann iad a chur san áireamh agus athrú ar shainiúlacht tháirgí fíniúna ATFC 'Vinho Verde'.

Áiríodh na cineálacha nua le haghaidh fíonta agus táirgí fíniúna atá i dteideal ATFC 'Vinho Verde' mar gheall ar an ngá atá le liosta na gcineálacha a thabhairt cothrom le dáta, cineálacha atá oiriúnach chun fíonta rosé agus fíonta dearga a dhéanamh. Áiríodh an cineál nua le haghaidh fíonta agus táirgí fíniúna ar a bhfuil an t-ainmniúchán 'sub-região do Lima' chun a cháilíocht agus a nasc leis an gcríoch a aithint.

Roinn/ranna dá ndéanann an leasú (nó na leasuithe) difear: Baineann na leasuithe sin leis an roinn 'Príomhchineálacha fíonchaor' den doiciméad aonair agus leis an roinn 'Príomhchineálacha fíonchaor' den tsonraíocht.

2.6. *Ainm bardais a chur ar an lipéad*

Tuairisc: Cuireadh isteach coinníoll chun an t-ainm bardais a chur ar lipéadú, is é sin: ní mór na fíonchaora a bheith faighte sa limistéar geografach a léirítear.

Cúiseanna: Is é is aidhm don riail shonrach seo soiléiriú a dhéanamh ar na ceanglais chun an t-ainm bardais a chur ar lipéadú, ós rud é go gcuireann sé sin luach breise le táirgí na mbardas faoi seach.

Roinn/ranna dá ndéanann an leasú (nó na leasuithe) difear: Baineann na leasuithe sin leis an roinn 'Coinníollacha breise' den doiciméad aonair agus leis an roinn 'Coinníollacha breise' den tsonraíocht.

2.7. *Cineál fíonchaor 'Alvarinho' a léiriú ar an lipéad*

Tuairisc: Scriosadh na coinníollacha a bhí ann roimhe seo chun úsáid chineál Alvarinho a léiriú.

Bunaíodh na coinníollacha seo a leanas chun úsáid chineál Alvarinho a léiriú ar an lipéad. Ní mór an táirge a bheith faighte go heisiach ón gcineál fíonchaor sin, mura léirítear ach an cineál Alvarinho; Ní mór 30 % ar a laghad den táirge a thagann as bheith de chineál Alvarinho, má léirítear é ar an lipéad in éineacht le cineálacha eile.

Aithníodh an téarma 'Origem do Alvarinho' mar théarma atá roghnach ach atá le húsáid go heisiach, i gcás fíonta atá i dteideal tásc chineál Alvarinho a áireamh ar an lipéad, fíonta a tháirgtear i bhforéigiún Monção e Melgaço.

Cúiseanna: Ar thaobh amháin, is é an rún atá leis na leasuithe sin soiléiriú a dhéanamh ar na coinníollacha maidir le cineál Alvarinho a léiriú le haghaidh tháirgí fíniúna uile ATFC 'Vinho Verde'. Tá an cineál sin ar an léarscáil de chineálacha traidisiúnta le haghaidh an limistéir gheografaigh ina iomláine agus, dá bhrí sin, le haghaidh tháirgí fíniúna uile ATFC 'Vinho Verde', trí úsáid á baint as tásc chineál Alvarinho, cuirtear luach leis an táirge lena mbaineann, gan dochar do chomhlíonadh na gceanglas bunaithe.

Ar an taobh eile, aithnítear an téarma 'Origem do Alvarinho' le haghaidh fíonta atá i dteideal tásc chineál Alvarinho a úsáid agus a tháirgtear i bhforéigiún Monção e Melgaço. Cuirtear san áireamh leis sin tábhacht shonrach an chineáil san fhoréigiún atá i gceist, ós rud é gur tháinig sé as sin ar dtús. Dá bhrí sin, cuireann sé luach leis an bhforéigiún sin.

Roinn/ranna dá ndéanann an leasú (nó na leasuithe) difear: Baineann na leasuithe sin leis an roinn 'Coinníollacha breise' den doiciméad aonair agus leis an roinn 'Coinníollacha breise' den tsonraíocht.

2.8. *Pacáistiú i gcoimeádáin mhiotail agus toirt ainmniúil uasta lena mbaineann*

Tuairisc: Cuireadh isteach an fhéidearthacht na fíonta a phacáistiú i gcoimeádáin mhiotail ag a bhfuil toilleadh suas le 0,25 lítear, seachas i gcás fíonta a bhfuil mionsonraí foréigiúin, cineáil nó mairc cáilíochta orthu.

Cúiseanna: Tugadh an leasú seo isteach chun na roghanna pacáistíochta a leathnú agus chun freastal ar riachtanais an mhargaidh, go háirithe tomhaltóirí níos óige agus timpeallachtaí níos neamhfhoirmiúla, agus mar fhreagairt ar spéis mhéadaitheach na dtáirgeoirí agus na n-ábhar imní comhshaoil a léirigh an earnáil.

Roinn/ranna dá ndéanann an leasú (nó na leasuithe) difear: Baineann na leasuithe sin leis an roinn 'Coinníollacha breise' den doiciméad aonair agus leis an roinn 'Coinníollacha breise' den tsonraíocht

2.9. *An téarma 'Sujeito a depósito' [Faoi réir dríodraithe] nó a choibhéis a chur ar an lipéad*

Tuairisc: Tá an ceanglas maidir leis an téarma 'Sujeito a depósito' [faoi réir dríodraithe] nó a choibhéis a chur ar an lipéad curtha leis na leasuithe maidir le fíonta a chur ar an margadh a d'fhéadfadh comharthaí dríodraithe a léiriú tar éis a ndeimhniúcháin agus a mbuidéalaithe.

Cúiseanna: Is é is aidhm don riail sin a bhaineann go sonrach le ATFC 'Vinho Verde' a áirithiú go gcuirfear tomhaltóirí ar an eolas mar is ceart.

Roinn/ranna dá ndéanann an leasú (nó na leasuithe) difear: Baineann na leasuithe sin leis an roinn 'Coinníollacha breise' den doiciméad aonair agus leis an roinn 'Coinníollacha breise' den tsonraíocht.

DOICIMÉAD AONAIR

1. **Ainm an táirge**

Vinho Verde

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

ATFC – Ainmniúchán Tionscnaimh faoi Chosaint

3. **Catagóirí na dtáirgí fíniúna**

1. Fíon

4. Fíon súilíneach

5. Fíon súilíneach ar ardchaighdeán

4. **Tuairisc ar an bhfíon (nó ar na fionnta)**

1. Fíon ('Vinho Verde')

Fíonta geala

Glan nó beagán ópalach. Dath idir ciotrónach éadrom agus beagán órga. Idir éadrom agus úr, ar a bhfuil dea-bholaithe torthaíocha nó bláthacha (ag brath ar an gcineál) agus aigéadacht chothromaithe, go haigéadacht níos struchtúrtha agus níos marthanaí, mianraí, le dea-bholaithe meala de thorthaí aibí nó triomaithe (ag brath ar an gcineál) agus aigéadacht mhaith, i gcás ina bhfuil an phróifíl aramatach níos forbartha. Fíonta a bhfuil na téarmaí 'Vindima Tardia' nó 'Colheita Tardia' nó cineál 'Late Harvest' orthu, bíonn dea-bholaithe meala agus torthaí triomaithe orthu (ag brath ar an gcineál), le dea-struchtúr, dea-aigéadacht agus dea-mhilseacht.

Fíonta rosé

Glan nó beagán ópalach. Dath idir bándearg éadrom agus dath éadrom an rúibín/bándearg domhain. Ó éadrom agus úr, le dea-bholaithe de thorthaí dearga agus aigéadacht chothromaithe, go struchtúrtha agus marthanach, agus dea-bholaithe de thorthaí aibí nó triomaithe (ag brath ar an gcineál) agus aigéadacht mhaith, i gcás ina bhfuil an phróifíl aramatach níos forbartha. Fíonta a bhfuil na téarmaí 'Vindima Tardia' nó 'Colheita Tardia' nó cineál 'Late Harvest' orthu, bíonn dea-bholaithe meala agus torthaí triomaithe orthu (ag brath ar an gcineál), le dea-struchtúr, dea-aigéadacht agus dea-mhilseacht.

Fíonta dearga

Glan nó beagán ópalach. Dath idir dath an rúibín agus dúdhearg; agus i gcás fíonta dearga 'palhete/Palheto/clarete', idir dath éadrom an rúibín agus dath an rúibín. Ó fhíonmhar, le dea-bholaithe torthaí fiáine, go struchtúrtha agus marthanach, le dea-bholaithe torthaí aibí nó triomaithe (ag brath ar an gcineál) agus aigéadacht mhaith, i gcás ina bhfuil an phróifíl aramatach níos forbartha. Fíonta a bhfuil na téarmaí 'Vindima Tardia' nó 'Colheita Tardia' nó cineál 'Late Harvest' orthu, bíonn dea-bholaithe meala agus torthaí triomaithe orthu (ag brath ar an gcineál), le dea-struchtúr, dea-aigéadacht agus dea-mhilseacht.

Le haghaidh na bparaiméadar anailíseach eile, tá feidhm ag na teorainneacha dlíthiúla atá i bhfeidhm faoi láthair.

| Saintréithe anailíseacha ginearálta | |
|---|---|
| Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte) | 14 |
| Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte) | 8 |
| Aigéadacht iomlán íosta | |
| Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir) | |
| Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir) | |

2. Fíon súilíneach (‘Espumante de Vinho Verde’)

Fíonta geala

Glan nó beagán ópalach. Dath idir ciotrónach éadrom agus beagán órga. Idir éadrom agus úr, ar a bhfuil dea-bholaithe torthaíocha nó bláthacha (ag brath ar an gcineál) agus aigéadacht chothromaithe, go haigéadacht níos struchtúrtha agus níos marthanaí, mianraí, le dea-bholaithe meala de thorthaí aibí nó triomaithe (ag brath ar an gcineál) agus aigéadacht mhaith, i gcás ina bhfuil an phróifíl aramatach níos forbartha.

Fíonta rosé

Glan nó beagán ópalach. Dath idir bándearg éadrom agus dath éadrom an rúibín/bándearg domhain. Ó éadrom agus úr, le dea-bholaithe de thorthaí dearga agus aigéadacht chothromaithe, go struchtúrtha agus marthanach, agus dea-bholaithe de thorthaí aibí nó triomaithe (ag brath ar an gcineál) agus aigéadacht mhaith, i gcás ina bhfuil an phróifíl aramatach níos forbartha.

Fíonta dearga

Glan nó beagán ópalach. Dath idir dath an rúibín agus dúdhearg; Ó fhíonmhar, le dea-bholaithe torthaí fiáine, go struchtúrtha agus marthanach, le dea-bholaithe torthaí aibí nó triomaithe (ag brath ar an gcineál) agus aigéadacht mhaith, i gcás ina bhfuil an phróifíl aramatach níos forbartha.

Le haghaidh na bparaiméadar anailíseach eile, tá feidhm ag na teorainneacha dlíthiúla atá i bhfeidhm faoi láthair.

| Saintréithe anailíseacha ginearálta | |
|---|---|
| Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte) | 15 |
| Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte) | 10 |
| Aigéadacht iomlán íosta | |
| Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir) | |
| Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir) | |

2. Fíon súilíneach ar ardchaighdeán (‘Espumante de Qualidade de Vinho Verde’)

TUAIRISC THÉACSÚIL ACHOMAIR

Fíonta geala

Glan nó beagán ópalach. Dath idir ciotrónach éadrom agus beagán órga. Idir éadrom agus úr, ar a bhfuil dea-bholaithe torthaíocha nó bláthacha (ag brath ar an gcineál) agus aigéadacht chothromaithe, go haigéadacht níos struchtúrtha agus níos marthanaí, mianraí, le dea-bholaithe meala de thorthaí aibí nó triomaithe (ag brath ar an gcineál) agus aigéadacht mhaith, i gcás ina bhfuil an phróifíl aramatach níos forbartha.

Fíonta rosé

Glan nó beagán ópalach. Dath idir bándearg éadrom agus dath éadrom an rúibín/bándearg domhain. Ó éadrom agus úr, le dea-bholaithe de thorthaí dearga agus aigéadacht chothromaithe, go struchtúrtha agus marthanach, agus dea-bholaithe de thorthaí aibí nó triomaithe (ag brath ar an gcineál) agus aigéadacht mhaith, i gcás ina bhfuil an phróifíl aramatach níos forbartha.

Fíonta dearga

Glan nó beagán ópalach. Dath idir dath an rúibín agus dúdhearg; Ó fhíonmhar, le dea-bholaithe torthaí fiáine, go struchtúrtha agus marthanach, le dea-bholaithe torthaí aibí nó triomaithe (ag brath ar an gcineál) agus aigéadacht mhaith, i gcás ina bhfuil an phróifíl aramatach níos forbartha.

Le haghaidh na bparaiméadar anailíseach eile, tá feidhm ag na teorainneacha dlíthiúla atá i bhfeidhm faoi láthair.

| Saintréithe anailíseacha ginearálta | |
|---|---|
| Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte) | 15 |
| Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte) | 10 |
| Aigéadacht iomlán íosta | |
| Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir) | |
| Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir) | |

5. **Cleachtais fhíoneolaíocha**

a. *Cleachtais fhíoneolaíocha fhíor-riachtanacha*

1. Fíon ('Vinho Verde'), fíon súilíneach ('Espumante de Vinho Verde') agus fíon súilíneach ar ardchaighdeán ('Espumante de Qualidade de Vinho Verde') - dath na bhfíonchaor ceadaithe

Srian a bhaineann le fíonóireacht

I gcás 'Vinho Verde', ní cheadaítear fíon geal a dhéanamh ach ó fhíonchaora bána, fíon rosé ó fhíonchaora dearga agus fíon dearg (i) ó fhíonchaora dearga nó (ii) ó fhíonchaora dearga agus suas le 15 % d'fhíonchaora bána, agus sa chás sin ní mór an téarma 'Palhete' nó 'Palheto' a chur isteach mar cheanglas sainordaitheach.

I gcás 'Espumante de Vinho Verde' agus 'Espumante de Qualidade de Vinho Verde', féadfar bunfhíon a dhéantar as fíonchaora dearga a úsáid chun fíon geal a dhéanamh.

2. Fíon ('Vinho Verde'), fíon súilíneach ('Espumante de Vinho Verde') agus fíon súilíneach ar ardchaighdeán ('Espumante de Qualidade de Vinho Verde') — tiontú fíonchaoire/úrfhíona

Srian a bhaineann le fíonóireacht

Is ionann uastáirgeacht an úrfhíona a eascraíonn as deighilt an mhairc agus 75 lítear in aghaidh 100 kg d'fhíonchaora agus 65 lítear in aghaidh 100 kg d'fhíonchaora i gcás úrfhíona atá le húsáid chun fíonta de chineál Alvarinho a tháirgeadh.

3. Fíon ('Vinho Verde'), fíon súilíneach ('Espumante de Vinho Verde') agus fíon súilíneach ar ardchaighdeán ('Espumante de Qualidade de Vinho Verde') — neart alcóil nádúrtha de réir toirte

Srian a bhaineann le fíonóireacht

Úrfhíon atá beartaithe chun fíonta, fíonta súilíneacha agus fíonta súilíneacha ar ardchaighdeán a bhfuil ATFC 'Vinho Verde' acu a dhéanamh, ní mór neart alcóil nádúrtha íosta 8.5 % de réir toirte a bheith ag an úrfhíon sin, ag ardú go 9 % de réir toirte i gcás úrfhíon atá le húsáid chun fíonta a bhfuil ainm foréigiúin orthu a dhéanamh agus go 11.5 % i gcás úrfhíon fíona ar a bhfuil ainm chineál Alvarinho.

4. Fíon ('Vinho Verde') – 'Vindima Tardia' nó 'Colheita Tardia' nó cineál 'Late Harvest'

Srian a bhaineann le fíonóireacht

Fíonta a bhfuil an téarma 'Vindima Tardia' nó 'Colheita Tardia' nó cineál 'Late Harvest' orthu, ní mór iad a tháirgeadh ó fhíonchaora ró-aibí.

5. Fíon súilíneach ('Espumante de Vinho Verde') agus fíon súilíneach ar ardchaighdeán ('Espumante de Qualidade de Vinho Verde') - modh táirgthe

Cleachtas fíoneolaíoch sonrach

Ní mór go gcomhlíonann an bunfhíon na ceanglais dhlíthiúla agus na coinníollacha a bhfuil feidhm acu maidir le 'Vinho Verde'.

6. Fíon ('Vinho Verde'), fíon súilíneach ('Espumante de Vinho Verde') agus fíon súilíneach ar ardchaighdeán ('Espumante de Qualidade de Vinho Verde') - cleachtais fíonsaothrúcháin agus córais treoraithe fíniúnacha

Modhanna saothraithe

Ní mór gurb ionann na modhanna saothraithe agus na modhanna atá traidisiúnta sa réigiún nó a mholann an comhlacht bainistíochta, d'fhonn a áirithiú go bhfaightear táirgí ar ardchaighdeán.

Ní mór na córais seo a leanas a úsáid chun na fíniúnacha, bídís fíniúnacha meánacha nó arda, a threorú:

— Traidisiúnta ('Uveiras' - fíniúnacha a fhásann aníos ar chrainn; 'Arjões' - fíniúnacha a fhásann ó chrann amháin go crann eile; 'Bordadura' - fíniúnacha a shocraítear timpeall imeall na bpáirceanna talmhaíochta; 'Ramadas' - struchtúir chothrománacha atá déanta as iarann nó as adhmad agus sreang curtha ar chuaillí, déanta as eibhear de ghnáth);

— Nua-aimseartha, ina bhfuil struchtúir tacaíochta a bhaineann go sonrach leis an réigiún agus atá deartha chun feabhas a chur ar dhálaí táirgthe (e.g. a mhéid a bhaineann le haibiú na bhfíonchaor, atá déanach i bhfianaise flosc fásúil na bhfíniúnacha), gan athrú ar thraidisiúin fíonsaothrúcháin ('Bardo' - struchtúr a úsáidtear le haghaidh fíniúnacha leanúnacha ísle; Tródam - struchtúr agus fíniúnacha ag fás aníos agus/nó síos.

b. *Uastáirgeacht*

Fíon, fíon súilíneach agus fíon súilíneach ar ardchaighdeán

10 666 cileagram fíonchaor in aghaidh an heicteáir

6. **Limistéar geografach críochaithe**

Is é atá sa limistéar geografach ina dtáirgtear ATFC 'Vinho Verde' na ranna riaracháin seo a leanas:

a) Na bardais uile i gceantair Braga agus Viana do Castelo;

b) I gceantar Aveiro, bardais Arouca, Castelo de Paiva agus Vale de Cambra agus paróiste Ossela, i mbardas Oliveira de Azeméis;

c) I gceantar Porto, bardais Amarante, Baião, Felgueiras, Gondomar, Lousada, Maia, Marco de Canaveses, Matosinhos, Paços de Ferreira, Paredes, Penafiel, Póvoa do Varzim, Santo Tirso, Trofa, Valongo agus Vila do Conde;

d) I gceantar Vila Real, bardais Mondim de Basto agus Ribeira de Pena;

e) I gceantar Viseu, bardais Cinfães agus Resende, cé is moite de pharóiste Barrô.

7. **Príomhchineál/príomhchineálacha fíonchaor**

Alicante-Bouschet

Alvarelhão - Brancelho

Alvarinho

Amaral

Aragonez - Tinta-Roriz; Tempranillo

Arinto - Pedernã

Avesso

Azal

Baga

Batoca - Alvaraça

Borraçal

Cainho

Cascal

Diagalves

Doce

Doçal

Esganinho

Esganoso

Espadeiro

Espadeiro-Mole

Fernão-Pires - Maria-Gomes

Folgasão - Terrantez

Gouveio

Grand-Noir

Labrusco

Lameiro

Loureiro

Malvasia-Fina - Boal; Bual

Malvasia-Rei

Mourisco

Padeiro

Pedral

Pical - Piquepoul-Noir

Pintosa

Rabo-de-Anho

Semillon

Sercial - Esgana-Cão

Sezão

São-Mamede

Tinta -Barroca

Touriga-Nacional

Trajadura - Treixadura

Trincadeira - Tinta-Amarela, Trincadeira-Preta

Tália - Ugni-Blanc; Trebbiano-Toscano

Verdelho-Tinto

Verdial-Tinto

Vinhão - Sousão

8. **Tuairisc ar an nasc (nó ar na naisc)**

Fíonta, fíonta súilíneacha agus fíonta súilíneacha ar ardchaighdeán

Mionsonraí faoin limistéar geografach is ábhartha maidir leis an nasc

Tá feidhm ag na mionsonraí sin maidir le fíon ('Vinho Verde'), fíon súilíneach ('Espumante de Vinho Verde') agus fíon súilíneach ar ardchaighdeán ('Espumante de Qualidade de Vinho Verde').

Tosca nádúrtha

Tá an réigiún suite in iarthuaisceart na Portaingéile ag airde faoi bhun 700 méadar. Thart ar 16 000 heicteár atá sa limistéar iomlán faoi fhíniúnacha. Is é an tírdhreach nádúrtha a chríochaíonn a theorainneacha geografacha: sa deisceart, ag abhainn Douro agus na sléibhte Freita, Arada agus Montemuro; san oirthear, ag na sléibhte Peneda, Gerês, Cabreira agus Marão; agus san iarthar ag an Aigéan Atlantach.

Bíonn aeráid shéimh ann, gan teochtaí an-ard ná an-íseal ann de bharr an tír-raoin agus an abhainnchórais. Bíonn an bháisteach bhliantúil sách ard (1 200 mm ar an meán) agus neamhrialta i gcaitheamh na bliana, ag buaicphointe san fhómhar agus san earrach.

Tá an tír-raon ina choire nádúrtha ón gcósta i dtreo an limistéir intíre, a thugann aghaidh ar an Aigéan Atlantach agus a thrasnaíonn dlúthghréasán gleannta aibhneacha a ligeann isteach gaoithe an Atlantaigh.

Tá na hithreacha éadomhain agus den chuid is mó de thionscnamh eibhreach. Tá dhá stiall chúnga de bhunús siosta ann a thrasnaíonn an réigiún ón oirdheisceart chuig an iarthuaisceart.

Tá naoi bhforéigiún sa limistéar geografach ina dtáirgtear fíonta ATFC 'Vinho Verde' (Amarante, Ave, Baião, Basto, Cávado, Lima, Monção e Melgaço, Paiva, Sousa), rud a chruthaíonn an éagsúlacht atá ann i dtéarmaí cineál ithreach, miocraeráidí, cineálacha a mholtar le haghaidh limistéir gheografacha, cleachtais fíonsaothrúcháin agus fhíoneolaíocha, agus traidisiúin saothraithe.

Tosca daonna

Ba iad na fíonta a táirgeadh sa réigiún sin na chéad fhíonta Portaingéalacha a bhí aitheanta ar mhargaí na hEorpa (Sasana, Flóndras agus an Ghearmáin).

Rinneadh limistéar táirgthe geografach ATFC 'Vinho Verde' a chríochú den chéad uair in 1908.

Cuirtear na fíniúnacha sna hithreacha is oiriúnaí le haghaidh an fíonsaothrúcháin (de mheándoimhneacht, agus draenáil inmheánach mhaith agus aigéadacht mheasartha). Tá na fíniúnacha tar éis leathadh de réir mar a d'fhás siad, le dlús plandála measartha in aghaidh an heicteáir agus leagan amach i gcomhthráth leis na gleannta aibhneacha.

Is cineálacha dúchasacha iad formhór na gcineálacha atá oiriúnaithe do na dálaí ithreach agus aeráide sna limistéir gheografacha éagsúla sa réigiún. Is é an toradh atá leis sin a áirithiú gur fíonta sainiúla iad na fíonta a tháirgtear sa réigiún agus cuidíonn sé le hidirdhealú a dhéanamh idir na foréigiúin.

Tá na cleachtais fhíoneolaíocha bunaithe ar thaithí agus ar thraidisiún fairsing na dtáirgeoirí.

Saintréithe sonracha na bhfíonta a bhaineann leis an limistéar geografach

Fíon ('Vinho Verde'), fíon súilíneach ('Espumante de Vinho Verde') agus fíon súilíneach ar ardchaighdeán ('Espumante de Qualidade de Vinho Verde')

Na fíonta ('Vinho Verde'), fíonta súilíneacha ('Espumante de Vinho Verde') agus fíonta súilíneacha ar ardchaighdeán ('Espumante de Qualidade de Vinho Verde') ar a bhfuil ATFC 'Vinho Verde', is táirgí iad a bhfuil saintréithe sainiúla uathúla céanna acu, go háirithe déine a dhea-bholaithe torthaíocha/bláthacha, aigéadacht ard agus úire.

I gcás na bhfíonta geala ('Vinho Verde'), na bhfíonta súilíneacha ('Espumante de Vinho Verde') agus na bhfíonta súilíneacha ar ardchaighdeán ('Espumante de Qualidade de Vinho Verde') ar a bhfuil ATFC 'Vinho Verde', seasann na nótaí mianraí amach.

Nasc leis an limistéar geografach:

An aeráid shéimh, gan teochtaí an-ard ná an-íseal agus buaicphointe bliantúil na báistí measartha ard sa gheimhreadh agus san earrach, i gcomhar leis an tionchar láidir atá ag an Aigéan Atlantach, cuidíonn siad le haibiú mall na bhfíonchaor. Cuireann sé sin lena n-aigéadacht agus a n-úire shuntasach, chomh maith le déine dhea-bholaithe torthaíocha/bláthacha na bhfíonta ('Vinho Verde'), na bhfíonta súilíneacha ('Espumante de Vinho Verde') agus na bhfíonta súilíneacha ar ardchaighdeán (Espumante de Qualidade de Vinho Verde') ATFC 'Vinho Verde'.

Tá na hithreacha, ar de thionscnamh eibhreach iad den chuid is mó, ríthábhachtach don mhianracht a léiríonn fíonta geala ATFC 'Vinho Verde' ('Vinho Verde'), fíonta súilíneacha ('Espumante de Vinho Verde') agus fíonta súilíneacha ar ardchaighdeán (Espumante de Qualidade de Vinho Verde').

Tá déine na ndea-bholaithe torthaíocha/bláthacha atá ag fíonta ATFC 'Vinho Verde' ('Vinho Verde'), fíonta súilíneacha ('Espumante de Vinho Verde') agus fíonta súilíneacha ar ardchaighdeán (Espumante de Qualidade de Vinho Verde') mar thoradh freisin ar na cineálacha, ar cineálacha dúchasacha a bhformhór atá oiriúnaithe don ithir agus do na dálaí aeráide sna limistéir gheografacha éagsúla atá sa réigiún.

Tá na cleachtais fhíoneolaíocha bunaithe ar thaithí agus ar thraidisiún fada na dtáirgeoirí. Dírítear ar thréithe orgánaileipteacha na bhfíonta a chaomhnú, saintréithe atá mar thoradh ar na dálaí nádúrtha sa réigiún (déine dea-bholaithe torthaíocha/bláthacha agus aigéadacht/úire ard).

9. **Coinníollacha fíor-riachtanacha breise**

*Fíon (‘Vinho Verde’)*

Creat dlíthiúil:

Sa reachtaíocht náisiúnta

An cineál coinníll breise:

*Forálacha breise a bhaineann le lipéadú*

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Ní fhéadfar na táirgí a chur i láthair lena dtomhailt ach amháin i gcoimeádáin ghloine ag a bhfuil toirt ainmniúil uasta 5 lítear nó i gcoimeádáin mhiotail ag a bhfuil toirt ainmniúil uasta 0.25 lítear. Sa dá chás, ní mór dúntán neamh-in-athúsáidte a bheith ag coimeádáin den sórt sin agus ní mór lipéad agus fianaise ar dheimhniú an táirge a bheith orthu i bhfoirm marc cáilíochta. Tá an méid sin gan dochar don fhéidearthacht go n-údarófaí coimeádáin eile agus go socrófaí teorainn ar thoirt ainmniúil, i gcomhréir leis na forálacha dlíthiúla ábhartha.

Ní fhéadfar táirgí a bhfuil ainm foréigiúin, cineáil nó ainmniúcháin cáilíochta orthu a chur i láthair lena dtomhailt ach amháin i mbuidéil ghloine ag a bhfuil luach ainmniúil uasta 0.75 lítear nó iolraí de.

*Fíon (‘Vinho Verde’), fíon súilíneach (‘Espumante de Vinho Verde’) agus fíon súilíneach ar ardchaighdeán (‘Espumante de Qualidade de Vinho Verde’)*

Creat dlíthiúil:

Sa reachtaíocht náisiúnta.

An cineál coinníll breise:

*Forálacha breise a bhaineann le lipéadú.*

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Measúnú ar lipéadú roimh chur ar an margadh.

Is tásc sainordaitheach ar an lipéadú é an marc.

Féadfar na téarmaí roghnacha dá bhforáiltear sa chreat dlíthiúil is infheidhme a úsáid ar lipéadú na dtáirgí fíniúna.

*Fíon (‘Vinho Verde’), fíon súilíneach (‘Espumante de Vinho Verde’) agus fíon súilíneach ar ardchaighdeán (‘Espumante de Qualidade de Vinho Verde’)*

Creat dlíthiúil:

Sa reachtaíocht náisiúnta.

An cineál coinníll breise:

*Forálacha breise a bhaineann le lipéadú.*

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Féadfar an t-ainm bardais a úsáid ar an lipéad má foinsíodh na fíonchaora as a ndéantar na táirgí fíniúna ón aonad geografach sonraithe ar dtús.

Ní mór bliain na buainte lena mbaineann a bheith ag gabháil leis an ainm foréigiúin ar an lipéad. Féadfar nó an focal ‘sub-região’ [foréigiún] a chur isteach nó a fhágáil ar lár.

*Fíon (‘Vinho Verde’), fíon súilíneach (‘Espumante de Vinho Verde’) agus fíon súilíneach ar ardchaighdeán (‘Espumante de Qualidade de Vinho Verde’)*

Creat dlíthiúil:

Sa reachtaíocht náisiúnta.

An cineál coinníll breise:

*Forálacha breise a bhaineann le lipéadú.*

Tuairisc ar an gcoinníoll:

I gcás táirgí ar a bhfuil ainm foréigiúin, féadfar ainm chineál Alvarinho a úsáid go heisiach le haghaidh fhoréigiún Monção e Melgaço.

Chun go mbeidh an cineál Alvarinho ar an lipéad ina aonar, ní mór gur ón gcineál sin amháin a fuarthas an táirge.

I gcás ina n-ainmnítear cineál Alvarinho ar an lipéad chomh maith le cineálacha eile, ní mór gur 30 % ar a laghad é den táirge a eascraíonn as.

*Fíon ('Vinho Verde'), fíon súilíneach ('Espumante de Vinho Verde') agus fíon súilíneach ar ardchaighdeán ('Espumante de Qualidade de Vinho Verde')*

Creat dlíthiúil:

Sa reachtaíocht náisiúnta.

An cineál coinníll breise:

*Forálacha breise a bhaineann le lipéadú.*

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Aithníodh an téarma 'Origem do Alvarinho' mar théarma atá roghnach ach atá le húsáid go heisiach, i gcás fíonta ar a bhfuil tásc chineál Alvarinho ar lipéadú, a tháirgtear i bhforéigiún Monção e Melgaço.

*Fíon ('Vinho Verde'), fíon súilíneach ('Espumante de Vinho Verde') agus fíon súilíneach ar ardchaighdeán ('Espumante de Qualidade de Vinho Verde')*

Creat dlíthiúil:

Sa reachtaíocht náisiúnta.

An cineál coinníll breise:

*Forálacha breise a bhaineann le lipéadú.*

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Ní fhéadfar fíonta a d'fhéadfadh a bheith faoi dhríodrú tar éis deimhniúcháin agus buidéalaithe a chur ar an margadh ach amháin má úsáidtear an téarma 'Sujeito a depósito' [Faoi réir dríodraithe] nó a choibhéis ar an lipéad.

**Nasc chuig an tsonraíocht táirge**

https://www.ivv.gov.pt/np4/8617.html